Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11139/26**

**ECOFIN 929**
**UEM 333**
**SOC 458**
**EMPL 260**
**COMPET 873**
**ENV 849**
**EDUC 315**
**ENER 471**
**JAI 909**
**GENDER 146**
**JEUN 189**
**SAN 547**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Sualainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 227 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Sualainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj).

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an tSualainn ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3], moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

3 IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

4 Moladh ón gComhairle an 21 Aibreán 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2026/2434, an 28 Aibreán 2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj).

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt i gcónaí i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[5]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an tSualainn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an tSualainn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an tSualainn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Sualainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

5 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, an 18 Feabhra 2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an tSualainn. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha i gcás na Sualainne, ar measúnú é a rinneadh chun críocha an Rialacháin sin, foilsíodh iad an 20 Bealtaine 2026[6]. An 3 Meitheamh 2026, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an tSualainn nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ag baint léi a thuilleadh. Go háirithe, tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann lena margadh réadmhaoine agus le leibhéil arda fiachais phríobháidigh ach tá laghdú tagtha le déanaí ar a thromchúisí atá siad. Cé go bhfuil geilleagar na Sualainne an-íogair i leith rátaí úis mar gheall ar an úsáid fhorleathan a bhaintear as rátaí athraitheacha morgáistí, bhí sé athléimneach i leith na rátaí úis níos airde in 2022 agus 2023, rud a d’fhág gur thit praghsanna tithe. Ó shin i leith, tá praghsanna tithe cobhsaí agus is cosúil nach bhfuil ró-luacháil á déanamh orthu mar a rinneadh roimhe seo. Léirigh an earnáil mhór réadmhaoine tráchtála acmhainneacht athmhaoiniúcháin fheabhsaithe de réir mar a mhaolaigh rátaí úis agus de réir mar a tháinig feabhas ar rochtain ar an margadh caipitil. Bhí fiachas teaghlaigh mar sciar de OTI ag titim ó bhí an phaindéim ann, agus in 2025 tháinig sé ar leibhéal seasta, agus meastar go bhfanfaidh sé amhlaidh. Amach anseo, le ganntanais tithíochta, mar aon le ceanglais iasachtaithe níos scaoilte, d’fhéadfadh praghsanna tithe agus fiachas teaghlaigh ardú. Tá na bainc fós láidir, brabúsach, agus tá iasachtaí neamhthuillmheacha ísle acu. Rinneadh roinnt beart le déanaí arb é is aidhm dóibh an margadh cíosa a dhéanamh níos solúbtha, agus rinneadh an creat rialála le haghaidh ceadanna tógála a mhionathrú ag deireadh 2025. Ag féachaint chun cinn, dá méadófaí an soláthar tithíochta go héifeachtach agus dá rachfaí i ngleic le dreasachtaí cánach atá fabhrach do cheannach tithe arna maoiniú ag fiachas, mar aon le húsáid bhreithiúnach a bhaint as bearta macrastuamachta, chuideofaí le fás praghsanna tithe a mhaolú a thuilleadh agus le fiachas teaghlaigh a laghdú ar bhealach marthanach. Leis an Seimeastar Eorpach, cuirfear creat ar fáil chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le hathchóirithe tithíochta.

6 SWD(2026) 143 final.

(7) An 21 Eanáir 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Sualainne[7]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2028 agus socraítear srian buiséadach i bhfoirm uasráta fáis glanchaiteachais thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 4,0 % in 2025, 4,4 % in 2026, 4,4 % in 2027 agus 4,6 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2023, mar atá 10,7 % in 2025, 15,5 % in 2026, 20,6 % in 2027 agus 26,1 % in 2028.

(8) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[8] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go fóill, tráth ar bith go dtí 2028, go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú má chomhlíonann siad na critéir a shocraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263.

---

7 Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Sualainne (IO C, C/2025/644, an 10 Feabhra 2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/644/oj).

8 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

(9) An 30 Aibreán 2026, chuir an tSualainn Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[9] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Sualainne i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(10) In 2025, ba é 1,5 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,6 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 1,8 % in 2026 agus faoi 2,2 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 1,5 % ann in 2026 agus 1,8 % in 2027.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Sualainne ó easnamh 1,5 % de OTI in 2024 go heasnamh 1,3 % de OTI in 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 2,8 % de OTI in 2026 agus 2,5 % de OTI in 2027. Caiteachas fioscach lánroghnach réasúnta mór, go háirithe i réimse na cosanta, is mó a léiríonn an méadú in 2026.

9 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

10 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(12) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[11], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid chrapthach ann in 2025, faoi 0,3 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sí forleathnach, faoi 1,9 % de OTI, in 2026 agus go mbeidh sí crapthach, faoi 0,6 % de OTI, in 2027.

(13) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[12], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Sualainne ó 34,2 % de OTI ag deireadh 2024 go 35,1 % de OTI ag deireadh 2025. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 36,6 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 37,7 % faoi dheireadh 2027. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2026 an méadú ar an easnamh.

(14) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[13], 2,9 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Sualainne ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 3,8 % de OTI a bheidh sa chaiteachas sin in 2026[14].

---

11 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

12 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

13 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

14 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(15) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an tSualainn chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú. Ar na bearta sin tá laghduithe neamh-spriocdhírithe ar dhleachtanna máil ar pheitreal agus ar dhíosal atá le dul in éag an 30 Meán Fómhair agus an 30 Samhain 2026, faoi seach, agus tacaíocht airgid ex-post neamh-spriocdhírithe do theaghlaigh le haghaidh costais gháis agus leictreachais a tabhaíodh le linn mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é 0,2 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026[15]. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta sin de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,4 % de OTI a bheadh sa chostas fioscach a bhaineann leo sa bhliain sin.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa tSualainn faoi 2,2 % in 2025 agus is fás carnach 8,2 % a bhí ann in 2024 agus 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh freisin.

---

[15] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa tSualainn faoi 6,5 % in 2026 agus gur fás carnach 15,3 % a bheidh ann in 2024, 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 1,0 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2024, 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta fáis carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a moladh. Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(18) Sa tSualainn, tá cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, ina gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), os cionn an mheánluais chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach an dlús atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun, agus tionchar na n-infheistíochtaí ar an láthair a uasmhéadú an tráth céanna. Tá an tSualainn ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé gur ghá aird bhreise a thabhairt ar roinnt réimsí a mhéid a bhaineann lena gcur chun feidhme, amhail an fhorbairt uirbeach inbhuanaithe agus an geilleagar ciorclach. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an tSualainn ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[16], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a imscaradh go tapa agus go héifeachtach.

(19) Tá roinnt dúshlán roimh an tSualainn a bhaineann leis an margadh tithíochta agus le leibhéil arda fiachais, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, le himscaradh foinsí in-athnuaite fuinnimh atá nasctha le hacmhainneacht na heangaí cumhachta agus le srianta tarchuir, leis an gcóras oideachais agus le torthaí oideachais daltaí a bheith ag dul in olcas, agus le bearnaí scileanna, agus is géire na dúshláin sin i gcás daoine a bhfuil cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste agus cúlra imirceach acu.

16 Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(20) Déantar margadh cíosa na Sualainne a rialáil go docht agus a roinnt idir árasáin rialáilte ar a bhfuil na cíosanna faoi bhun an mhargaidh agus aonaid níos nua ar a bhfuil na cíosanna ailínithe leis an margadh. Gineann an struchtúr sin liostaí feithimh fada le haghaidh árasáin rialáilte a bhfuil sásra dáileacháin teoranta ag baint leo dóibh siúd is mó atá i ngátar, cuireann sé bac ar thógáil tithíochta, agus cuireann sé srian ar shoghluaisteacht an lucht saothair. Deimhníonn sonraí maidir le ceadanna tógála déine an choir chun donais san earnáil tógála agus léiríonn siad cobhsú ar leibhéil ísle. Bheadh gá le méadú mór ar an tógáil, go háirithe i gceantair uirbeacha, chun leathnú na bearna soláthair tithíochta a chosc, mar aon le hiarrachtaí chun meánagaí seachadta criosanna agus ceadaithe a laghdú lena gcuirtear leis na hiarrachtaí a rinneadh le déanaí sa réimse sin agus lena leathnaítear iad. Tá leibhéil fiachais phríobháidigh i measc na leibhéal is airde san Aontas. Le cánachas fabhrach morgáistí, go háirithe in-asbhainteacht shuntasach úis morgáiste, leantar de dhreasachtaí fairsinge a chur ar fáil le haghaidh iasachtaíocht teaghlaigh. D'fhéadfadh athchóirithe éifeachtacha dreasachtaí le haghaidh carnadh fiachais a laghdú agus inacmhainneacht a fheabhsú.

(21) Leis na beartais atá aici faoi láthair, níl an tSualainn ar an gconair cheart chun a spriocanna 2030 ón Aontas a bhaint amach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tháinig méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na tíre in 2024, rud a d'eascair go príomha ón iompar de bhóthar agus ó innealra soghluaiste nach innealra bóthair é. Léiriú is ea an t-easnamh sin ar athruithe beartais a rinneadh le déanaí go háirithe, lena n-áirítear oibleagáidí níos ísle maidir le bithbhreoslaí a chumasc agus cánacha laghdaithe ar bhreoslaí leachtacha, athruithe a d'fhág gur tháinig méadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Thairis sin, níl ag éirí le haistrithe carbóin na Sualainne sprioc 2030 an Aontais a bhaint amach maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht. Bheadh gá le tuilleadh beart chun na spriocanna sin a bhaint amach, cuir i gcás, trí chánachas breoslaí agus trí dhreasachtaí le haghaidh bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí.

(22) Tá an tSualainn fós ar an mBallstát ag a bhfuil an sciar is airde d'fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ina thomhaltas fuinnimh deiridh. Mar sin féin, cuireann srianta ar acmhainneacht agus tarchur na heangaí cumhachta bac ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite breise a imscaradh. Tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur leis na srianta sin, toisc go bhfuil coinne le hardú mór ar thomhaltas leictreachais deiridh na Sualainne sa tréimhse a mhairfidh go dtí 2045, mar thoradh ar riachtanais leictrithe mhéadaithe na tionsclaíochta agus an iompair. Trí chur leis an rochtain ar acmhainneacht neamhshaothraithe na Sualainne maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, d'fhéadfaí tacú leis an leictriú tionscal atá ar siúl i ndeisceart na tíre faoi láthair, agus leis na forbairtí nuálacha glasa sa tionsclaíocht agus leis an dícharbónú sa tuaisceart.

(23) Cuireann na nósanna imeachta ceadaithe atá ann faoi láthair bac ar thionscadail mhórscála nua maidir leis an tionsclaíocht ghlan agus ar leathnú acmhainneacht táirgeachta fuinnimh in-athnuaite na Sualainne. Cruthaíonn nósanna imeachta casta agus fadálacha, i measc nithe eile, éiginnteacht infheistíochta agus cuireann siad bac ar ghlacadh tionscadal fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus ar tír. Ba le leas na Sualainne é na scéimeanna cúitimh áitiúla spriocdhírithe a cinneadh le déanaí a leathnú, cur leis na scéimeanna sin agus bacainní a eascraíonn as nósanna imeachta ceadaithe neamhéifeachtúla agus cearta crosta bardas a laghdú a thuilleadh.

(24) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an tSualainn in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(25) Cé go n-éiríonn go maith le daltaí na Sualainne agus go bhfuil siad os cionn mheán an Aontais maidir le bunscileanna agus scileanna digiteacha, tá laghdú tagtha ar thorthaí oideachais i ndáil le bunscileanna ó bhí 2018 ann[17]. Ní áirithíonn an córas scoile cothroime, rud ar léiriú air an tearcghnóthachtáil sna bunscileanna a bheith an-ard i gcás daltaí a bhfuil cúlra imirceach nó cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste acu, agus is é dóichí, i gcás na ndaltaí céanna, iad a bheith comhchruinnithe i scoileanna áirithe. Tá daltaí a bhfuil cúlra faoi mhíbhuntáiste acu faoi ghannionadaíocht i scoileanna príobháideacha freisin, ar scoileanna iad atá níos flaithiúla ar an meán maidir lena ngrádú agus a thugann, dá bhrí sin, níos mó seans dá ndaltaí an breisoideachas a bhaint amach. Is gráid atá ró-íseal nó neamhiomlán a bhíonn ag sciar mór daltaí ar chríochnú na scolaíochta éigeantaí dóibh, rud a fhágann nach gcáilíonn siad go díreach le haghaidh clár náisiúnta i meánscoil uachtarach. An ganntanas múinteoirí cáilithe, go háirithe i scoileanna ina bhfuil líon mór daltaí faoi mhíbhuntáiste, agus i réimse oideachas agus chúram na luath-óige i gcásanna ina bhfuil líon mór daltaí faoi mhíbhuntáiste, is contúirt do chaighdeán agus cothroime an chórais oideachais atá ann, agus cuireann sé na torthaí oideachais atá ag laghdú cheana féin chun donais. Ba le leas na Sualainne é cur leis na tograí athchóiriúcháin a rinneadh le déanaí arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na dtreochtaí díobhálacha ó thaobh na cothroime agus na feidhmíochta de.

---

[17] De réir thorthaí PISA.

(26) D'ainneoin iarrachtaí a bheith déanta, tá ganntanais saothair agus scileanna i gceist i gcónaí in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe, amhail gairmeacha cúraim sláinte, TF agus oideachais, agus is measaide na ganntanais sin na neamhréireanna idir oideachas agus oiliúint, ar thaobh amháin, agus éilimh mhargadh an tsaothair, ar an taobh eile. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar iomaíochas na Sualainne agus bíonn dífhostaíocht struchtúrach mar thoradh air. Tá roinnt réigiún ann, amhail réigiúin sna limistéir ó thuaidh inar tearc an daonra ina bhfuil ganntanas lucht saothair, cé go bhfuil barrachas saothair i réigiúin eile, rud a léiríonn gur gá feabhas a chur ar shoghluaisteacht an lucht saothair, ar sheirbhísí poiblí agus ar bhonneagar poiblí ionas gur féidir le hoibrithe athlonnú chuig réigiúin ina bhfuil na deiseanna fostaíochta atá ar fáil ag teacht níos fearr lena scileanna. D'ainneoin rannpháirtíocht mhéadaitheach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, tá dúshláin fós le sárú iontu maidir le hoiriúnú do riachtanais mhargadh an tsaothair agus tá laghdú ag teacht ar chéatadán na gcéimithe atá ag obair i bpoist a thagann lena n-oideachas agus lena n-oiliúint. Go dtí seo, tá tionchar teoranta ag na bearta a glacadh chun a áirithiú go ndéanfar daoine ó ghrúpaí leochaileacha, go háirithe daoine a bhfuil cúlra faoi mhíbhuntáiste agus cúlra imirceach acu, a lánpháirtiú níos tapúla i margadh an tsaothair, agus is ag an tSualainn atá an ráta dífhostaíochta is airde san Aontas i gcónaí maidir le daoine a rugadh lasmuigh den Aontas. Toisc leibhéal oideachais níos ísle agus scileanna teoranta a bheith ag daoine aonair a bhaineann le grúpaí leochaileacha, laghdaítear a n-infhostaitheacht a thuilleadh.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSualainn in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. A áirithiú go mbeidh an glanchaiteachas ag teacht leis na huasrátaí fáis a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 i bhfianaise an diallta ábhartha a réamh-mheasann an Coimisiún le haghaidh 2026 *vis-à-vis* an uasteorainn ghlanchaiteachais a mholtar. Ullmhacht cosanta a threisiú agus, ag an am céanna, an inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais a áirithiú agus, ina theannta sin, an buiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir de a chothú. A áirithiú gur beart sealadach a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus gur beart é atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. An dlús cur chun feidhme a choinneáil ar bun faoi chláir an bheartais comhtháthaithe, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma agus na solúbthachtaí a chuirtear ar fáil sa chreat beartais comhtháthaithe.

3. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta, trí athchóirithe a thabhairt isteach ar an margadh cíosa, cuir i gcás. Infheistíocht san earnáil tógála cónaithe a spreagadh agus deireadh a chur le bacainní struchtúracha chun ganntanais a mhaolú, go háirithe i gceantair uirbeacha. Dreasachtaí le haghaidh carnadh fiachais a laghdú, cuir i gcás trí in-asbhainteacht chánach úis morgáiste a dhíothú nó a laghdú.

4. A áirithiú go mbainfear amach na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus a aistriú trí astaíochtaí ón iompar de bhóthar a laghdú go háirithe. Gréasáin tras-seolta fuinnimh a leathnú agus a uasghrádú. Dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe agus iad a chuíchóiriú chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid, go háirithe i gcás fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus fuinneamh gaoithe ar talamh, agus féachaint chuige nach gceadófar aisiompuithe formheasa.

5. Torthaí oideachais a fheabhsú, go háirithe i gcás daltaí a bhfuil cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach acu, aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí cáilithe, agus cothroime a áirithiú sa chóras scolaíochta. Scileanna an lucht saothair a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus neamhréireanna scileanna trí bhearta spriocdhírithe beartais lena n-áirítear bearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair, agus le tacaíocht agus dreasachtaí chun feabhas a chur ar lánpháirtiú daoine aonair i margadh an tsaothair, go háirithe daoine aonair a bhfuil cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste nó cúlra imirceach acu.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*